Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16295/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0421(NLE)**

**FISC 270**
**ECOFIN 1368**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 727 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE a mhéid a bhaineann le síniú ar an údarú don Rómáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 727 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 727 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022
COM(2022) 727 final

2022/0421 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE a mhéid a bhaineann le síniú ar an údarú don Rómáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ('an Treoir maidir le CBL'[1]), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 8 Aibreán 2022, d'iarr Poblacht na Rómáine (dá ngairtear 'An Rómáin' anseo feasta) an t- údarú chun leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 den Treoir maidir CBL, lena gcinntear an duine inchánach maidir le CBL. Le litir a cláraíodh an 28 Meitheamh 2022, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise maidir leis an iarraidh ón Rómáin, inar tugadh a freagra i litir a cláraíodh an 22 Lúnasa 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) de Threoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit uile ar an eolas an 1 Meán Fómhair 2022, cé is moite den Spáinn, agus chuir sé an Spáinn ar an eolas an 2 Meán Fómhair 2022, maidir leis an iarraidh a rinne an Rómáin. Le litir dar dáta an 5 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Rómáin go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Mar riail ghinearálta, sonraítear in Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL gurb é an duine inchánach a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí atá faoi dhliteanas CBL a íoc de ghnáth.

De bhun Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, féadfaidh na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ar fhorálacha na Treorach maidir le CBL chun simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta chun CBL a bhailiú nó chun cineálacha áirithe imghabhála agus seachanta cánach a chosc má rinne an Chomhairle iad a údarú.

D'iarr an Rómáin maolú in 2009 chun go n-údarófaí di an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm, *inter alia*, ar sholáthairtí táirgí adhmaid. Faoin nós imeachta seo, beidh an duine inchánach, a ndéantar na soláthairtí leis, faoi dhliteanas as an CBL a íoc. Áirítear ar na táirgí adhmaid sin, go sonrach, adhmad ina sheasamh, adhmad saoirsithe cruinn nó cleite, adhmad breosla, táirgí adhmaid, chomh maith le hadhmad cearnfhaobhrach nó scealptha agus adhmad neamhchóirithe, próiseáilte nó leathmhonaraithe.

Deonaíodh an beart maolaitheach don Rómáin ar dtús le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/583/AE ón gComhairle[2] go dtí an 31 Nollaig 2013 agus, a mhéid a bhaineann leis na táirgí adhmaid, cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE ón gComhairle[3] go dtí an 31 Nollaig 2016, le Cinneadh Cur Chun Feidhme

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/583/AE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 lena n- údaraítear don Rómáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 256, 30.9.2010, lch. 27).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena n-údaraítear don Rómáin leanúint de bheart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 316, 27.11.2013, lch. 31).

(AE) 2016/1206 ón gComhairle[4] go dtí an 31 Nollaig 2019 agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1593 ón gComhairle[5] go dtí an 31 Nollaig 2022.

D'iarr an Rómáin an athuair go gcuirfí síneadh leis an maolú maidir leis an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm ar sholáthairtí na dtáirgí adhmaid sin.

Ar bhonn na tuarascála a chuir an Rómáin ar fáil, tuarascáil a tíolacadh in éineacht leis an iarraidh ar shíneadh an bhirt, lena n-ainmnítear an faighteoir mar an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc le haghaidh soláthairtí de na táirgí adhmaid thuasluaite, bhí sé d'éifeacht aici cosc a chur ar an imghabháil cánach agus ar sheachaint cánach san earnáil sin arb é is príomhthréith di líon mór athdhíoltóirí agus idirghabhálaithe beaga a raibh sé deacair iad a rialú.

Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun measúnú a éascú i dtaobh an beart speisialta a bheith iomchuí agus éifeachtach nó gan a bheith agus chun am a thabhairt do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart maolaithe in éag. Ní dheonaítear maolú lena gceadaítear úsáid a bhaint as an sásra aistrithe táillí ach amháin ar bhonn eisceachtúil i gcomhair réimsí sonracha calaoiseacha agus is é an rogha dheireanach é.

Mhínigh an Rómáin, chuige sin, go ndearnadh bearta chun gnáthbhearta a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta chun calaois CBL a chomhrac agus chun leathadh breise na calaoise sin a chosc in earnáil an adhmaid amhail tionscadail digiteála (RO e-Factura), idirnasc na gclár airgid fhioscaigh, SAF-T, faireachán ar cheannacháin agus ar sholáthairtí agus córas r-Iompar RO (faireachán a dhéanamh ar iompar ar chríoch náisiúnta).

Mar sin féin, ós rud é go bhfuil cur chun feidhme na mbeart sin fós ag céim luath, measann an Rómáin gur gá leanúint den aistriú táillí a chur i bhfeidhm san earnáil sin tar éis an 1 Eanáir 2023 chun an treocht anuas maidir le himghabháil cánach in earnáil an adhmaid a choinneáil.

Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil údar maith le síneadh a chur le tréimhse theoranta eile toisc go ndealraíonn sé nach raibh aon tionchar diúltach ag an mbeart ar chalaois ar an leibhéal miondíola, in earnálacha eile nó i mBallstáit eile. Agus an staid dhlíthiúil agus fhíorasach gan athrú á cur san áireamh, tá sé beartaithe mar sin síneadh a chur leis an mbeart maolaithe, rud a chuirfidh ar a cumas don Rómáin leanúint den bheart maolaithe sin a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2025.

Dá bhrí sin, go dtí go rachaidh an maolú sin in éag, ba cheart don Rómáin na gnáthbhearta thuasluaite a chur chun feidhme go hiomlán chun leathadh breise calaoise CBL in earnáil an adhmaid a chomhrac agus a chosc. Mar thoradh air sin, níor cheart go mbeadh aon ghá le maolú a dhéanamh ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis na soláthairtí sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Deonaíodh maoluithe comhchosúla i ndáil le hAirteagal 193 den Treoir maidir le CBL do Bhallstáit eile, eadhon an Phortaingéil[6], an Liotuáin[7] agus an Laitvia[8].

---

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1206 ón gComhairle an 18 Iúil 2016 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE lena n- údaraítear don Rómáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 198, 23.7.2016, lch. 47).

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1593 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE lena n- údaraítear don Rómáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 248, 27.9.2019, lgh. 69–70).

Dá bhrí sin, tá an beart atá beartaithe comhsheasmhach le forálacha na Treorach maidir le CBL atá ann cheana.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála sa Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid i gceist leis.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar fhorálacha coiteanna CBL ach i gcás ina n- údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Is é Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir é a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Rómáin agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Measúnú tionchair**

Cuideachtaí a bhailíonn CBL, nach n-íocann an CBL sin isteach i mbuiséad an Stáit, agus a imíonn leo ina dhiaidh sin, cuirtear na cuideachtaí sin san áireamh i slabhra margaíochta

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1592 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2019 lena n- údaraítear don Phortaingéil beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 248, 27.9.2019, lgh. 67–68).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1920 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/99/AE lena n- údaraítear do Phoblacht na Liotuáine síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 311, 7.12.2018, lgh. 34–35).

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/81 ón gComhairle an 18 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n- údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 13, 20.1.2022, lgh. 49–50).

adhmaid agus táirgí adhmaid, agus tá sé sin ar cheann de na cineálacha calaoise is coitianta dá bhfuil ann. Agus a gceart chun asbhaint CBL á fheidhmiú acu, déanann a gcliaint iarratas ar aisíocaíocht méideanna nár íocadh riamh isteach i mbuiséad an Stáit.

Is iad táirgí adhmaid an sciar is mó de gheilleagar foraoise na Rómáine. Ag deireadh 2020, b'ionann eastát foraoise náisiúnta na Rómáine agus 6 604 200 ha, i.e. 27.66 % de limistéar talún iomlán na tíre.

Níl feidhm ag an aistriú táillí, an beart speisialta a iarradh, ach amháin maidir le hidirbhearta idir daoine inchánach atá cláraithe chun críocha CBL sa Rómáin. Ní fhéadfadh an sásra aistrithe táillí difear a dhéanamh do dhaoine inchánach i mBallstáit eile ach amháin má tá oibleagáid orthu clárú chun críocha CBL sa Rómáin. I gcásanna den sórt sin, bheadh siad faoi réir na rialacha CBL céanna agus atá oibreoirí na Rómáine.

Laghdaigh an sásra aistrithe táillí an baol go n-aisíocfaí méideanna nár íocadh riamh le buiséad an stáit, mar gheall ar an gcalaois rothlach.

I measc na n-éifeachtaí dearfacha eile a bhaineann leis an aistriú táillí tá:

- iomaíochas feabhsaithe idir táirgeoirí chun gníomhú in aghaidh saobhadh atá cruthaithe ag eintitis atá ag feidhmiú ar an margadh dubh;

- laghdú suntasach ar an scáthgheilleagar sa réimse, rud a fhágann méadú ar ioncam buiséid an stáit.

Ina fhianaise sin, le meánmhéadú RON 46 077 ar an méid CBL arna bhunú in aghaidh an cháiníocóra, creideann an Rómáin gur baineadh amach a cuspóirí maidir le calaois CBL a chomhrac agus leathadh na calaoise sin a chosc mar gheall ar chur i bhfeidhm an aistrithe táillí i ndáil le soláthairtí adhmaid agus táirgí adhmaid.

Cé go bhfuil torthaí dearfacha bainte amach ag an Rómáin sa chomhrac i gcoinne na calaoise tríd an aistriú táillí a chur i bhfeidhm san earnáil seo, tá an feiniméan fós ann, cé gur ar scála níos lú atá sé[9].

Ní bheidh tionchar diúltach ag síneadh an bhirt sin ar mhéid iomlán ioncaim ó CBL a bhaileofar ag céim deiridh na tomhailte, agus, dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sé difear d'acmhainní dílse an Aontais ó CBL ar bhealach diúltach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Tá teorainn ama leis an togra.

[9] De réir an fhorléargais bliain ar bhliain ar chigireachtaí cánach a rinneadh ar cháiníocóirí le cód 'táirgí adhmaid' NACE thar thréimhse 2018-2021, tháinig laghdú ar na cásanna calaoise, mar a thuairiscigh an Rómáin ina hiarraidh.

2022/0421 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE a mhéid a bhaineann le síniú ar an údarú don Rómáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE, beidh cáin bhreisluacha ('CBL'), mar riail ghinearálta, iníoctha ag an duine inchánach a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/583/AE ón gComhairle[2] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE ón gComhairle[3], údaraíodh don Rómáin beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE ('an beart speisialta') chun an duine inchánach, a ndéantar táirgí adhmaid ag daoine inchánach leis, a ainmniú mar an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc ar na soláthairtí sin. Cuireadh síneadh leis an údarú a deonaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE go dtí an 31 Nollaig 2022.

(3) I litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 11 Aibreán 2022, d'iarr an Rómáin údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm, a údaraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE, tar éis an 31 Nollaig 2022. I litir dar dáta an 28 Meitheamh 2022, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise maidir leis an iarraidh ón Rómáin. Thug an Rómáin a freagra i litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022.

(4) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Rómáin chuig na Ballstáit eile, cé is moite den Spáinn, le litir dar dáta an 1 Meán Fómhair 2022. Le litir dar dáta an 2 Meán Fómhair 2022, tharchuir an Coimisiún an iarraidh sin chuig an Spáinn. Le litir dar dáta an 5 Meán Fómhair 2022, thug an Coimisiún fógra don Rómáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/583/AE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 lena n- údaraítear don Rómáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 256, 30.9.2010, lch. 27).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena n-údaraítear don Rómáin leanúint de bheart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 316, 27.11.2013, lch. 31).

(5) De réir na faisnéise a chuir an Rómáin ar fáil ina hiarraidh, níor tháinig aon athrú ar an staid fhíorasach a thug údar maith leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm. Thairis sin, léirítear san anailís a rinne údaráis na Rómáine go bhfuil an beart speisialta éifeachtach chun imghabháil cánach a laghdú. Ina theannta sin, níl aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(6) Tá an beart speisialta i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú ós rud é go bhfuil sé teoranta d'oibríochtaí an-sonrach in earnáil a chruthaíonn fadhbanna suntasacha maidir le himghabháil agus seachaint cánach. Thairis sin, ní bheadh aon drochthionchar ag cur i bhfeidhm leanúnach an bhirt ar chalaois a chosc ar an leibhéal miondíola, in earnálacha eile nó i mBallstáit eile.

(7) Údaraítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun measúnú a éascú i dtaobh na bearta speisialta a bheith iomchuí agus éifeachtach nó gan a bheith. Tugann maoluithe am do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht na n- ábhar, ar íocaíocht CBL, agus ar chomhlíontacht na ndaoine inchánach, ar bearta iad lenar cheart dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart maolúcháin in éag, agus ar an gcaoi sin dhéanfaí síneadh an údaraithe iomarcach. Ní dheonaítear maolú lena gceadaítear úsáid a bhaint as an nós imeachta aistrithe táillí ach amháin ar bhonn eisceachtúil i gcomhair réimsí calaoiseacha sonracha agus is é an rogha dheireanach é. Dá bhrí sin, sula rachaidh síneadh an údaraithe faoin gCinneadh Cur Chun Feidhme seo in éag, ba cheart don Rómáin gnáthbhearta eile a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le calaois CBL agus chun í a chosc i margadh an adhmaid ionas nach mbeadh gá le síneadh eile a chur leis an mbeart speisialta a thuilleadh.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an údarú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE. Ba cheart teorainn ama a chur le síneadh an údaraithe don Rómáin ionas go bhféadfar meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht an bhirt speisialta.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear '31 Nollaig 2025' in ionad '31 Nollaig 2022' in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE.

*Airteagal 2*

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*